# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2016

# GNÓ

## GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA

**AGUS**

# NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Scéim Mharcála agus nótaí tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta agus a chuirtear i láthair anseo uileghabhálach. Féadfar marcanna a bhronnadh as aon fhreagraí eile atá ceart.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.  D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

## AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2016
## SCÉIM MHARCÁLA

**ROINN 1 100 MARC**

FREAGAIR 10 gCEIST – TÁ 10 MARC AG GABHÁIL LE GACH CEIST

| CEIST | SCÉIM MHARCÁLA | IOMLÁN NA MARCANNA |
|---|---|---|
| 1 | An 1ú téarma ceart 2m + 1m + 1m (4)<br>An 2ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3)<br>An 3ú téarma ceart 1m + 1m + 1m (3) | 10 |
| 2 | **Trí** mhodh: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 3 | **Ceithre** fhreagra: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 4 | **Dhá** thoisc: @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 5 | **(a)** 3m **(b)** 2 x 2m **(c)** 3m | 10 |
| 6 | **Trí** ghníomhaíocht: 4m + 3m + 3m | 10 |
| 7 | **Dhá** fhocal: @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 8 | **Dhá** chúis: @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 9 | **Dhá** bhealach: @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 10 | **Cúig** fhreagra: @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 11 | Bosca **amháin** ceart: 10m | 10 |
| 12 | **Dhá** bheartas: @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 13 | Míniúchán: 8m (4 + 4) Sampla: 2m | 10 |
| 14 | **Ceithre** fhreagra: 3m + 3m + 2m + 2m | 10 |
| 15 | **Cúig** fhreagra: @ 2 mharc an ceann | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **100** |

# ROINN 2 – 300 MARC

# CUID 1

**ÍOSMHÉID: CEIST AMHÁIN (75 MARC)**
**UASMHÉID: DHÁ CHEIST (150 MARC)**

## CEIST 1

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | An tAcht um Dhíol (2) Earraí (2) agus Soláthar (2) Seirbhísí (2), 1980 (2) | 10 |
| **(B)** | **Dhá** cheart dhlíthiúla:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** chineál sásaimh:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **Trí** chúis ar tugadh cuntas orthu:<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** chineál gníomhaíochta tionsclaíche:<br>@ 10 marc an ceann (5m + 5m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 2

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh an earnáil thánaisteach: 12 marc (4m + 4m + 4m)<br>Ainmnigh earnáil amháin eile: 3 m | 15 |
| **(B)** | Mínigh cuideachta ilnáisiúnta: 12 marc (7m + 5m)<br>Ainmnigh ceann eile: 3 m | 15 |
| **(C)** | **Dhá** chúis gur lonnaigh Apple in Éirinn:<br>2 x 10 marc (5m + 5m) | 20 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le feidhmiú mar CPT:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le fás eacnamaíoch:<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 3

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Ríomh Comhardú na Trádála<br>Foirmle 3m<br>Figiúirí 9m (3 x 3m)<br>Luaigh cibé an barrachas nó easnamh atá ann 3m | 15 |
| **(B)** | **Dhá** shampla d'earraí iompórtáilte @ 3 mharc an ceann<br>**Dhá** chúis le hearraí iompórtáilte @ 7 marc an ceann (5m + 2m) | 20 |
| **(C)** | **Dhá** dhúshlán atá faoi ghnóthaí Éireannacha:<br>8 marc (5m + 3m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** úsáid a bhaintear as TFC:<br>8 marc (5m + 3m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le hÉirinn a bheith san Aontas Eorpach:<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# ROINN 2 – CUID 2

**ÍOSMHÉID: 2 CHEIST (150 MARC)**
**UASMHÉID: 3 CHEIST (225 MARC)**

## CEIST 4

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** shaintréith a bhíonn ag fiontraí:<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** riosca a bhaineann le gnó a bhunú:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** ghné de cheannaire daonlathach:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le fostaithe an-spreagtha a bheith agat:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 5

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar **trí** chineál árachais do ghnó:<br>7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (4m + 2m) | 20 |
| **(B)** | **Dhá** ghníomh chun préimh a laghdú:<br>@ 5 mharc an ceann | 10 |
| **(C)** | Liostaigh **dhá** cháin, seachas mótarcháin, a d'fhéadfadh gnó a íoc.<br>8 marc<br>7 marc | 15 |
| **(D)** | Mínigh an téarma 'rótharraingt bhainc'.<br>10 marc (5m + 5m) | 10 |
| **(E)** | Mínigh trí thoisc a chuirfeadh banc san áireamh sula dtabharfaí iasacht do ghnólacht.<br>7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (4m + 2m) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 6

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh an difríocht idir 'earcaíocht inmheánach' agus 'earcaíocht sheachtrach'.<br>2 @ 10 marc an ceann (4m + 3m + 3m) | 20 |
| **(B)** | (i) Mínigh 'Jabthuairisc'.<br>10 marc (4m + 3m + 3m)<br><br>(ii) Mínigh 'Sonraíocht faoin bpearsa'.<br>10 marc (4m + 3m + 3m) | 20 |
| **(C)** | Mínigh an difríocht idir oiliúint 'ar an láthair oibre' agus oiliúint 'lasmuigh den láthair oibre'.<br>5 mharc (3m + 2m)<br>5 mharc (3m + 2m) | 10 |
| **(D)** | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál luach saothair i gcomhair fostaithe.<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(E)** | Liostaigh **dhá** mhodh chun folúntais do phoist a fhógairt.:<br>@ 5 mharc an ceann | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 7

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh **trí** fhoinse óna bhféadfaí smaointe a fháil le haghaidh táirge/seirbhíse nua le haghaidh gnó:<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a ndéanfadh gnólacht taighde margaidh:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** fhoinse mheántéarmacha maoinithe:<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(D)** | Liostaigh **dhá** shampla d'ainmneacha branda a bhfuil eolas maith orthu.<br>@ 4 mharc an ceann<br>Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hainm branda do ghnó:<br>@ 6 mharc an ceann | 20 |
| **(E)** | Déan cur síos ar **dhá** thionscnamh díolachán:<br>8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

## CEIST 8

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | (i) Mínigh an téarma 'trádálaí aonair'.<br>5 mharc (3m + 2m)<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le bheith i do thrádálaí aonair.<br>@ 5 mharc an ceann | 15 |
| **(B)** | (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné den bhaiscthháirgeadh.<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m)<br>(ii) Liostaigh an **dhá** mhodh táirgthe eile a úsáidtear sa ghnó.<br>@ 5 mharc an ceann | 20 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc ba chóir do Dolly a chur san áireamh nuair a bhíonn praghas a cuid táirgí á socrú aici:<br>7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (4m + 2m) | 20 |
| **(D)** | Mínigh an téarma 'spriocmhargadh':<br>10 marc (5m + 5m) | 10 |
| **(E)** | Mínigh an téarma 'Bealach Dáileacháin'.<br>10 marc (5m + 5m) | 10 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | **75** |

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ - GNÁTHLEIBHÉAL
# FREAGRAÍ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEO – 2016

**ROINN 1: CEISTEANNA GEARRFHREAGRA 100 marc**

<table>
<tr><th>Ceist</th><th>Freagraí a bhfuiltear ag Súil leo</th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>1</td><td>Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas ?<br><br>CBL – Cáin Bhreisluacha<br>WWW – An Gréasán Domhanda<br>CGB – Cruinniú Ginearálta Bliantúil</td><td>10m<br><br>(4+3+3)</td></tr>
<tr><td>2</td><td>Déan liosta de thrí mhodh cumarsáide scríofa a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid :<br>• Ríomhphost<br>• Litir<br>• Meamram<br>• Doiciméad Gnó; Sonrasc, Ráiteas, Nóta Sochair etc.<br>• Tuairisc/Tuarascáil<br>• Clár Oibre<br>• Miontuairiscí<br>• Fógra<br>• Téacsáil<br>• Na Meáin Shóisialta – Twitter</td><td>10m<br><br>(4+3+3)</td></tr>
<tr><td>3</td><td>Déan an pá glan bliantúil a thugann Cionnaith Mag Craith abhaile leis a ríomh ó na sonraí seo a leanas. Taispeáin do chuid oibre .<br><br>
<table>
<tr><td>Ainm: Cionnaith Mag Craith</td><td></td><td>€</td><td>€</td></tr>
<tr><td>Pá Comhlán</td><td></td><td></td><td>30,000</td></tr>
<tr><td>Asbhaintí</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>ÍMAT (20% de €30,000)<br>- Creidmheas Cánach</td><td>6000<br><u>3200</u></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>ÍMAT glan</td><td></td><td>2,800</td><td></td></tr>
<tr><td>ÁSPC (4% de €30,000)</td><td></td><td>(i) 1,200</td><td></td></tr>
<tr><td>MSU (3% de €30,000)</td><td></td><td>(ii) 900</td><td></td></tr>
<tr><td>Asbhaintí Iomlána</td><td></td><td></td><td>(iii) 4,900</td></tr>
<tr><td>Pá Glan Bliantúil a Thugtar Abhaile</td><td></td><td></td><td>(iv) 25,100</td></tr>
</table>
<br>
<table>
<tr><td>Taispeáin do chuid oibre<br>ÁSPC 30,000 x 4 / 100 = 1,200</td><td>Taispeáin do chuid oibre<br>MSU 30,000 x 3 / 100 = 900</td></tr>
</table>
</td><td>10m<br><br>(3)<br>(3)<br>(2)<br>(2)</td></tr>
<tr><td>4</td><td>Comhlánaigh na Tosca Táirgthe atá ar iarraidh sna spásanna cuí .<br><br>
<table>
<tr><td>TALAMH</td><td>SAOTHAR</td><td>CAIPITEAL</td><td>FIONTAR</td></tr>
</table>
</td><td>10m<br><br>(5+5)</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **5** | **Léiríonn an chairt thíos an líon gluaisteán nua a mheastar a dhíolfaidh Gluaisteáin Uí Mheachair Teo. don tréimhse sé mhí ó Eanáir go Meitheamh 2017.** | **10m** |
| | **(a) Ainmnigh an modh amhairc cumarsáide a léirítear thuas .** Barrachairt | (3) |
| | **(i) Sainaithin an mhí ina meastar go ndíolfar an líon is mó gluaisteán .** Eanáir | (2) |
| | **(ii) Sainaithin an líon gluaisteán a mheastar a dhíolfar an mhí sin .** 300 | (2) |
| | **(c) Ainmnigh modh amhairc cumarsáide amháin eile .** | |
| | Píchairt, Picteagram, Líneghraf, Cairt mheá ar mheá, Léarscáil. | (3) |
| **6** | **Ainmnigh na trí ghníomhaíocht bhainistíochta** . | **10m** |
| | (i) Pleanáil<br>(ii) Eagrú<br>(iii) Rialú | (4+3+3) |
| **7** | **Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú .**<br>**CUMHACHT CINNTÍ SPRIOCANNA** | **10m** |
| | Tugann cumasú fostaithe ***CUMHACHT*** bhreise don fhoireann a gcuid ***CINNTÍ*** féin a dhéanamh faoin gcaoi lena gcuid oibre a dhéanamh. | (5+5) |
| **8** | **Déan liosta de dhá chúis le dífhostú éagórach, faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977/2007.** | **10m** |
| | • Mura féidir leis an bhfostóir neamhinniúlacht/mí-iompar fostaí a chruthú.<br>• Níor chomhlíon an fostóir na nósanna imeachta cearta, e.g. níor thug sé rabhadh ó bhéal ná i scríbhinn don fhostaí, ceart achomhairc, ceart chun ionadaíochta ag éisteacht, deis chun cur in aghaidh.<br>• Ball de cheardchumann/ag gabháil do ghníomhaíochtaí ceardchumainn.<br>• Gnéaschlaonadh.<br>• Creideamh/tuairimí reiligiúnacha nó polaitiúla.<br>• Toircheas nó nithe a bhaineann le toircheas nó breith.<br>• Leas a bhaint as cearta faoi reachtaíocht ar shaoire mháithreachais, saoire do thuismitheoirí, saoire uchtaíoch, saoire cúramóra nó saoire force majeure.<br>• Imeachtaí dlí in aghaidh fostóra i gcás inar páirtí nó finné é fostaí.<br>• Duine den lucht siúil.<br>• Cine nó dath craicinn. | (2 x 5m) |

| | | |
|---|---|---|
| 9 | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh gnó a bheith níos fabhraí don timpeallacht .**<br><br>• Dramhaíl a íoslaghdú/diúscairt shábháilte na dramhaíola.<br>• Modhanna táirgeachta níos glaine/éifeachtúlacht fuinnimh (is féidir aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite a áireamh anseo).<br>• D'fhéadfadh an gnólacht na ceithre ní seo a dhéanamh: laghdú, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil.<br>• Truailliú a chosc – astaíochtaí a íoslaghdú.<br>• Cód Eitice: D'fhéadfadh an gnólacht cód eitice a bhunú ina leagtar amach na modhanna iompair ar chóir do fhostaí/ghnólacht glacadh leo ina chuid déileálacha leis an gcomhshaol.<br>• Cultúr oscailteachta, comhairliúcháin, macántachta agus feasachta ar shaincheisteanna comhshaoil a spreagadh.<br>• Iniúchtaí comhshaoil rialta/Comhairle ón EPA (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)/Saincheisteanna comhshaoil a chur chun cinn (luach saothair do thionscnaimh "Ghlasa"). | **10m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2) |
| 10 | **Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas .** | **10m**<br><br>5 x 2m |

| | |
|---|---|
| Tagraíonn boilsciú d'ardú ar phraghsanna ginearálta ó bhliain go bliain . | **FÍOR** |
| Caitheann tomhaltóirí níos mó mar thoradh ar chúlú eacnamaíochta . | **BRÉA-GACH** |
| Ciallaíonn rátaí úis níos ísle go bhfuil sé níos saoire airgead a fháil ar iasacht . | **FÍOR** |
| Tagraíonn rátaí malairte do phraghas airgeadra amháin agus é léirithe i dtéarmaí airgeadra eile . | **FÍOR** |
| Tagann ardú ar chaiteachas an rialtais i dtaca le leas sóisialta mar thoradh ar dhífhostaíocht ard . | **FÍOR** |

| | | |
|---|---|---|
| 11 | **Cuir in iúl cé acu foras rialtais atá freagrach as breisoideachas agus as oiliúint. Cuir (✓) sa bhosca ceart .**<br><br>Solas (FÁS mar a tugadh air roimhe seo) ✓<br><br>ÚFT (An tÚdarás Forbartha Tionscail) ☐ | **10m**<br><br>10 |

<table>
<tr><td>12</td><td>Ainmnigh dhá pholasaí de chuid an Aontais Eorpaigh (AE). .<br><ul><li>An Comhbheartas Talmhaíochta</li><li>An Comhbheartas Iascaireachta</li><li>Beartas Sóisialta/Cairt Shóisialta AE</li><li>Beartas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta/Beartas Airgeadaíochta na hEorpa</li><li>Beartas Iomaíochta na hEorpa</li></ul></td><td>10m<br><br>(2 x 5m)</td></tr>
<tr><td>13</td><td>Sampla de shaincheadúnas Éireannach is ea cuideachta caife Insomnia .<br>(i) Mínigh an téarma saincheadú .<br>Is é seo deonú ceadúnais ag an saincheadúnóir don saincheadúnaí, rud a thugann an ceart chun a dtáirge nó a seirbhís a sholáthar agus a dhíol. Úsáideann an saincheadúnaí ainm agus lógó an tsaincheadúnóra. Tá táille an cheadúnais costasach agus ní mór céatadán de dhíolacháin/dhleachtanna/bhrabúis a íoc ar bhonn bliantúil. Tá an buntáiste ag an saincheadúnaí ainm gnólachta dea-bhunaithe agus smaoineamh cruthaithe a ghlacadh ar cíos.<br><br>(ii) Tabhair sampla amháin eile de saincheadúnas .<br><br>Samplaí: Supermac’s, Costa Coffee, Starbucks, KFC.</td><td>10m<br><br>8m<br>(4 + 4)<br><br><br>2m</td></tr>
<tr><td>14</td><td>Líon isteach na céimeanna de Shaolré Táirge faoi leith atá ar iarraidh.<br><br><table><tr><td>Céim 1</td><td>Seoladh/Cur i Láthair</td></tr><tr><td>Céim 2</td><td>Fás</td></tr><tr><td>Céim 3</td><td>Aibíocht</td></tr><tr><td>Céim 4</td><td>Sáithiú</td></tr><tr><td>Céim 5</td><td>Meath</td></tr></table></td><td>10m<br><br>(3+3+2+2)</td></tr>
<tr><td>15</td><td>Déan an dá liosta a mheaitseáil :<br><br><table><tr><th>1</th><th>2</th><th>3</th><th>4</th><th>5</th></tr><tr><td>B</td><td>D</td><td>F</td><td>C</td><td>A</td></tr></table></td><td>10 m<br><br>5 x 2m</td></tr>
</table>

## ROINN 2

## CUID 1

| CEIST 1 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Ainmnigh an dlí a thugann cosaint do Ciara sa chás seo .**<br>An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.<br><br>An tAcht um Dhíol (2) Earraí (2) agus Soláthar (2) Seirbhísí (2), 1980 (2) | **10m**<br><br>(5 x 2m) |
| **(B)** | **Mínigh dhá cheart dhlíthiúla atá ag an tomhaltóir faoin dlí seo.**<br><br>• Ní mór earraí a bheith i riocht díola – ba chóir go mbeadh earraí de chaighdeán réasúnta, agus an fheidhm mheasta, an mharthanacht agus an praghas á gcur san áireamh.<br>• Ní mór go mbeadh earraí feiliúnach dá gcuspóir beartaithe – ní mór go ndéanfaidís an rud atá siad ceaptha a dhéanamh nuair a díoltar iad.<br>• Ní mór go mbeadh earraí faoi mar a thuairiscítear iad – níor chóir don chur síos ar an bpacáiste duine a chur amú. Ní mór do na hearraí a bheith ag teacht leis an gcur síos a thug an díoltóir, a tugadh ar an mbróisiúr etc.<br>• Ní mór d'earraí a bheith mar an gcéanna leis an sampla – ní mór do na hearraí go léir a fhaightear a bheith mar an gcéanna leis an sampla a taispeánadh don tomhaltóir.<br><br>Seirbhísí:<br>• Ní mór do dhuine a bhfuil an scil/cháilíocht riachtanach aige na seirbhísí a sholáthar.<br><br>• Ní mór an obair a dhéanamh le haird agus dícheall cuí – Ní mór don soláthróir seirbhíse oibriú go hairdeallach agus ní mór an obair a bheith ar ardchaighdeán.<br>• Agus: Comharthaí neamhdhleathacha/ Ráthaíochtaí/ Earraí gan Iarraidh. | **15m**<br><br>8m (4 + 4)<br><br>+<br><br>7m (4 + 3) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chineál réitigh/sásaimh a bhfuil Ciara ina dteideal sa chás thuas .**<br><br>• Aisíocaíocht: Gheobhaidh Ciara a cuid airgid ar ais toisc go bhfuil an táirge lochtach / nach bhfuil sé i riocht díola.<br>• Athsholáthar: Is féidir leis an miondíoltóir ríomhaire glúine eile a thabhairt do Chiara in ionad an chinn a bhí aici. Seo táirge foirfe mar mhalairt ar an táirge neamhfhoirfe a díoladh.<br>• Deisiúchán: Féadfaidh an miondíoltóir tairiscint a dhéanamh an ríomhaire glúine lochtach a dheisiú/a chur i gcaoi do Chiara. | **15m**<br><br>8m (4 + 4)<br><br>+<br><br>7m (4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí chúis a bhíonn le díospóidí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch .**<br><br>• <u>Pá /Díospóidí faoi phá:</u> D'fhéadfadh oibrithe raon d'éilimh éagsúla phá nó phinsin a sheoladh, e.g. éileamh ar bhonn costas maireachtála, éileamh inchomparáideachta nó éileamh coibhneasachta. Más rud é go gcuireann an fostaí in aghaidh na n-éileamh pá sin nó go ndiúltaíonn sé dóibh, féadfaidh díospóidí tionsclaíocha teacht aníos.<br>• <u>Díospóidí faoi dhálaí oibre/faoi dhualgais oibre:</u> Bunriachtanas d'fhostaithe is ea an tsábháilteacht. Féadann díospóidí tionsclaíocha teacht aníos sa chás go dteipeann ar an lucht bainistíochta dálaí sábháilte oibre, trealamh sábháilte, sláinteachas cuí agus téamh imleor a chur ar fáil. D'fhéadfadh athruithe ar dhálaí oibre díospóid a tharraingt freisin.<br>• <u>Cleachtais nua oibre/Teicneolaíocht nua:</u> Féadfaidh oibrithe cur in aghaidh teicneolaíocht nua atá á tabhairt isteach má chreideann siad nár sholáthair an fostóir oiliúint chuí nó luach saothair cuí as a dtáirgiúlacht mhéadaithe.<br>• <u>Iomarcaíochtaí</u> – roghnú i gcomhair iomarcaíochta, pacáiste iomarcaíochta. I gcás ina bhfuil oibrithe den tuairim go bhfuil nósanna imeachta éagóracha le haghaidh roghnú á n-úsáid nó sa chás nach bhfuil na híocaíochtaí iomarcaíochta imleor e.g. is féidir gur mian le fostóirí fostaithe a ndéanfar iomarcaíocht orthu a shainroghnú ach gurbh fhearr le ceardchumann a dhéanann ionadaíocht do na fostaithe go n-úsáidfear córas LIFO ('is déanaí isteach is túisce amach').<br>• <u>Saincheisteanna sannta poist</u> – Difríochtaí i bpá agus i ndálaí oibre idir grúpaí cosúla oibrithe.<br>• <u>Agus:</u> Pinsin, Teidlíochtaí saoire, Aitheantas Ceardchumainn, Dífhostú Éagórach, Idirdhealú. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shórt gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil is féidir le ceardchumann a dhéanamh mar chuid de dhíospóid a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch .**<br><u>Stailc Oifigiúil</u> – nuair nach dtagann na fostaithe chuig a n-ionad oibre agus nach ndéanann siad a gcuid oibre. Tá rúnbhallóid, fógra ceart don fhostóir agus ceadú ICTU i gceist le stailc oifigiúil.<br><br>• <u>Obair de réir rialach</u> – nuair nach dtugann na fostaithe ach faoi na cúraimí beachta atá scríofa ina jabthuairisc nó ina gconradh fostaíochta.<br>• <u>Cosc ar ragobair</u> – nuair a dhiúltaíonn na hoibrithe aon ragobair a dhéanamh. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhunús le briseadh mór, rud is cúis le horduithe caillte agus le díolacháin chaillte, go háirithe le linn buaic-amanna trádála, e.g. siopa bréagán um Nollaig, aerlíne le linn tréimhse saoire.<br>• <u>Stailc Chomharthach</u> – Stopadh gairid oibre ag na hoibrithe chun aird a tharraingt ar a míshástacht. Beartaithe chun a bhagairt go ndéanfar gníomhaíocht bhreise níos tromchúisí mura dtiocfar ar chomhaontú. | **20m**<br><br>2 x 10m<br>(5 + 5) |

| CEIST 2 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Mínigh an téarma earnáil thánaisteach .**<br><br>Áirítear san earnáil thánaisteach na tionscail déantúsaíochta agus tógála. Tógann an tionscal déantúsaíochta amhábhair ón earnáil phríomhúil agus próiseálann sí iad ina dtáirgí deiridh, e.g. troscán, ríomhairí, cáis. Áirítear ann gnólachtaí dúchais, cuideachtaí ilnáisiúnta agus gnó na talmhaíochta.<br><br>**(ii) Ainmnigh earnáil amháin eile den gheilleagar.**<br><br>An earnáil phríomhúil nó an earnáil Threasach/Seirbhísí. | **15m**<br><br>12m<br>(4 + 4 + 4)<br><br>3 m |
| **(B)** | **(i) Cuideachta ilnáisiúnta is ea Apple.**<br>**Mínigh an téarma cuideachta ilnáisiúnta .**<br><br>Cuideachta a bhfuil a ceannoifig i dtír amháin agus a bhfuil brainsí aici i roinnt tíortha eile ar fud an domhain.<br><br>**(ii) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta amháin eile .**<br>Intel, Pfizer, Google, Glanbia. | **15m**<br><br>12m (7 + 5)<br><br>3m |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an gcinneadh a rinne Apple lonnú in Éirinn .**<br><br>• Cáin chorparáide íseal, 12.5% – Meallann an cháin íseal ar bhrabúis cuideachtaí.<br>• Tír ina labhraítear Béarla – Is í Éire an t-aon tír amháin a úsáideann an euro ina bhfuil an Béarla mar phríomhtheanga inti.<br>• Rochtain ar AE /an Margadh Aonair – Geata chun AE. Gan dleachtanna/ muirir. Tugann an Margadh Aonair deis chun díolacháin a mhéadú agus barainneachtaí scála a bhaint amach.<br>• Tacaíochtaí/Deontais Rialtais/IDA – Tugann an Rialtas deontais i dtaobh gnó a bhunú/bonneagar a fhorbairt trí IDA Éireann.<br>• Lucht oibre sároilte a bhfuil oideachas maith orthu.<br>• Cuntas Teiste – Leanann cuideachtaí ilnáisiúnta gnóthaí atá sa tionscal céanna leo féin. Tionchar cnuasaigh. Lean gnólachtaí teicneolaíochta / gnólachtaí sna Meáin Shóisialta Google agus roghnaigh siad Éire mar bhunáit dóibh féin san Eoraip. Chomh maith leis sin, tá líon mór cuideachtaí feistí leighis i gceantar na Gaillimhe. | **20m**<br><br>2 x 10 m<br>(5 + 5) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Cuideachta Phoiblí Theoranta (cpt) is ea Apple. Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le feidhmiú mar cpt .**<br><br>• Dliteanas teoranta – Ní chailleann scairshealbhóirí ach an méid a infheistíonn siad sa ghnólacht. Níl siad freagrach go pearsanta as fiachais an ghnólachta.<br>• Níos éasca maoiniú a aimsiú – Níos mó caipitil ar fáil – is féidir tuilleadh scaireanna a eisiúint de réir mar is gá – íosmhéid 7 scairshealbhóirí, níl aon uasmhéid ann.<br>• Leanúnachas gnó – Ní dhúntar an gnólacht má fhaigheann scairshealbhóir bás. Ní éagann an gnólacht má fhaigheann scairshealbhóir bás.<br>• Níos éasca foireann ardchaighdeáin a mhealladh – Tá sé in acmhainn acu an fhoireann is fearr a fháil toisc gur féidir leo de ghnáth pá ard a íoc. Is féidir ardchaighdeán lucht bainistíochta a mhealladh trí phá níos airde a íoc.<br>• Poiblíocht/Clú laethúil – luaite ar an stocmhalartán. | **15m**<br><br>8m (4 + 4)<br>+<br>7m (4 + 3) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le fás eacnamaíoch do gheilleagar na hÉireann .**<br><br>• Fostaíocht Mhéadaithe/Cruthaítear Poist/Laghdaítear Dífhostaíocht – Is féidir le fostaíocht méadú nuair a tharlaíonn tréimhse fáis sa gheilleagar. Laghdaíonn sé sin an leibhéal dífhostaíochta sa tír.<br>• Caiteachas Rialtais Laghdaithe – Mar gheall ar fhás geilleagrach laghdaítear caiteachas an rialtais ar leas sóisialach.<br>• Ioncam Rialtais a Mhéadú – Faigheann an Rialtas níos mó ioncaim trí ioncam méadaithe ó chánachas; CBL, ÍMAT, MSU.<br>• Díolacháin/Brabúis Gnólachta a Mhéadú – Caitheann tomhaltóirí níos mó airgid agus méadaíonn díolacháin agus brabúis do ghnólachtaí dá bharr.<br>• Muinín – Cruthaíonn fás geilleagrach muinín. Spreagann sé sin fiontraithe chun a ngnólacht féin a bhunú. Is mó seans atá ann go leathnóidh gnólachtaí atá ann cheana.<br>• Caighdeán maireachtála níos fearr, níos mó seans go n-ardófaí pá. | **10m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2) |

| CEIST 3 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | Iompórtálacha Sofheicthe €3,700m<br>Easpórtálacha Sofheicthe €4,800m<br><br>**(i) Bain úsáid as eolas thuas agus ríomh Comhardú na Trádála. Taispeáin do chuid oibre .**<br>**(ii) Cuir in iúl cé acu barrachas nó easnamh atá ann .**<br><br>(i) Foirmle:<br>Easpórtálacha Sofheicthe lúide Iompórtálacha Sofheicthe = Comhardú na Trádála<br><br>Oibriú amach:<br>€4,800m – €3,700m = €1,100m<br><br>(ii) Barrachas. | **15m**<br><br>Foirmle<br>3m<br><br>Oibriú amach<br>3 + 3 + 3<br><br>'Barrachas'<br>3m |
| **(B)** | **(i) Déan liosta de dhá shampla d'earraí a iompórtáiltear go hÉirinn .**<br><br>Carranna, Líomóidí, Ola, Fíon.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a n-iompórtáiltear earraí go hÉirinn .**<br>• Táirgeadh – Ní tháirgimid nithe áirithe, mar shampla, carranna.<br>• Aeráid – Níl an aeráid againn chun táirgí áirithe a fhás.<br>• Acmhainní nádúrtha – Níl ola againn mar sin bíonn orainn í a iompórtáil.<br>• Rogha Tomhaltóirí – Bíonn tomhaltóirí ag iarraidh táirgí éagsúla.<br>• Fás sa ríomhthráchtáil – Tá sé níos éasca anois ag tomhaltóirí earraí a cheannach ó thíortha eile mar gheall ar an idirlíon agus ar theicneolaíocht chliste. | **20m**<br><br>2 @ 3m<br><br>2 @ 7m<br>(5 + 2) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán do ghnólachtaí Éireannacha atá páirteach i dtrádáil idirnáisiúnta .**<br>• Deacrachtaí teanga – sluáin, fógraí le haistriú.<br>• Difríochtaí cultúrtha – bealaí saoil, e.g. ní itheann daoine as an India mairteoil.<br>• Costais iompair – Tá sé costasach; b'fhéidir nach mhór an bealach dáileacháin a chur in oiriúint; gníomhairí a úsáid.<br>• Rátaí malairte airgeadra – mar shampla d'fhéadfadh luaineacht a bheith i rátaí an dollair agus an steirling – agus bíonn tionchar aige sin ar iomaíochas.<br>• Iomaíocht ó thíortha eile – iomaíocht ó tháirgeoirí baile a bhfuil costais iompair níos ísle acu.<br>• Cánacha agus dleachtanna á ngearradh ag tíortha eile. | **15m**<br><br>8m (5 + 3)<br><br>+<br><br>7m (5 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá úsáid a bhaintear as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) i dtrádáil idirnáisiúnta .**<br><br>• Ríomhthráchtáil – ag díol earraí agus seirbhísí ar líne trí do shuíomh gréasáin féin, agus M-thráchtáil (tráchtáil mhóibíleach) – ag díol earraí agus seirbhísí trí ghléasanna soghluaiste.<br>• Margaíocht agus rochtain ar mhargaí domhanda – an Idirlíon/suíomhanna gréasáin<br>• Cinnteoireacht thapa – buiséid, réamhaisnéisí sreafa airgid ar scarbhileoga<br>• Taighde margaidh – tuairiscí, suirbhéanna Idirlín<br>• Rialú Stoic – Stoc á ordú go tapa trí Idirmhalartú Leictreonach Sonraí (EDI).<br>• Agus: Ríomhphost, Físchomhdháil/Skype, Fóin chliste, Feidhmchláir Teachtaireachtaí/WhatsApp, Na Meáin Shóisialta. | **15m**<br><br>8m (5 + 3)<br><br>+<br><br>7m (5 + 2) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann Éire as ballraíocht san Aontas Eorpach .**<br><br>• An Margadh Aonair / Saorghluaiseacht earraí – Is féidir earraí a dhíol le haon tír in AE agus níl aon chánacha ná taraifí i gceist.<br>• Deontais AE chun bonneagar a fheabhsú – Gréasán bóithre agus iarnróid feabhsaithe.<br>• Rochtain ar líon mór oibrithe – Rogha ag muintir na hÉireann dul ag obair thar lear gan é a bheith riachtanach cead a fháil.<br>• Deontais maoinithe ó AE do ghnólachtaí agus le haghaidh gnó talmhaíochta. D'fheabhsaigh an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Scéim Íocaíochta Aonair/Scéim na hÍocaíochta Bunúsaí cúrsaí talmhaíochta agus iascaigh in Éirinn<br>• Díolacháin/Brabúis mhéadaithe – Tá margadh 500 milliún tomhaltóir in AE.<br>• Airgeadra aonair – 19 dtír AE (lena n-áirítear Éire) i limistéar an euro. Níl aon rioscaí ná costais maidir leis an Ráta Malairte, níl aon luaineacht airgeadra i gceist.<br>• Barainneachtaí scála – is féidir lear mór earraí a tháirgeadh agus a dhíol mar gheall ar bheartas an Mhargaigh Eorpaigh Aonair.<br>• Mealltar Cuideachtaí Ilnáisiúnta mar thairseach chuig margadh na hEorpa, rud a chruthaíonn tuilleadh fostaíochta in Éirinn agus a chuidíonn chun borradh a chur faoi easpórtálacha.<br>• Níos mó turasóireachta ó thíortha de chuid AE – cuidíonn sé sin leis an tionscal lónadóireachta. | **10m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2) |

# CUID 2:

| CEIST 4 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thréith/scil a bhaineann le fiontraí .**<br><br>• Nuálach/Cruthaitheach – teacht ar smaointe nua.<br>• Úsáidtear tionscnaíocht – feiceann siad deis agus úsáideann siad a dtionscnaíocht chun an gnó a bhunú/ tá siad spreagtha chun rud éigin a dhéanamh.<br>• Duine a ghlacann rioscaí – glacann sé/sí riosca pearsanta agus riosca airgeadais. Níl aon chinnteacht go n-éireoidh leis/léi.<br>• Duine a oibríonn go crua/fuinniúil – toilteanach uaireanta fada a oibriú agus an oiread oibre agus is féidir a dhéanamh chun a sprioc a bhaint amach.<br>• Cinntitheach/I mBun Cinnteoireachta – déanann sé/sí cinntí go tapa éifeachtach.<br>• Athléimneach – in ann coinneáil ag imeacht nuair a thiteann an crú ar an tairne.<br>• Dírithe ar an todhchaí / uaillmhianach – féachann sé nó sí chun na todhchaí agus tagann ar phleananna le bheith chun tosaigh ar iomaitheoirí.<br>• Réamhghníomhach – duine ar fearr leis rudaí a dhéanamh é féin ná bheith ag fanacht ar dhuine eile rud a dhéanamh.<br>• Neamhspleách – a bheith in ann oibriú as a stuaim féin.<br>• Muiníneach – fios a bheith ag duine gur féidir leis spriocanna a bhaint amach.<br>• Solúbtha – a bheith in ann dul in oiriúint d'imthosca atá ag athrú.<br>• Scileanna Caidrimh – tarraingíonn sé/sí go maith le daoine. | **15 m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá riosca a thiocfaidh i gceist do Sheán de bharr a ghnó féin a bhunú .**<br><br>• Fadhbanna airgid/Gan aon ioncam cinnte – b'fhéidir nach mbeadh dóthain airgid aige chun an gnó a rith.<br>• Deacair teacht ar mhaoiniú/iasachtaí a fháil – b'fhéidir go mbeadh deacracht ag Seán maoiniú a aimsiú dá ghnólacht.<br>• Strus – caithfear uaireanta fada a oibriú chun gnó a bhunú<br>• Iomaíocht – b'fhéidir nach bhfuil Seán in ann dul in iomaíocht le gnólachtaí eile atá ann ó thaobh chaighdeán agus praghas na seirbhíse.<br>• Teip ar ghnó – B'fhéidir nach n-éireoidh leis an tsamhail ghnó agus b'fhéidir nach mbeidh de rogha ach Seán ach é a dhúnadh. | **15m**<br><br>8m (4 + 4)<br>+<br>7m (4 + 3) |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Mínigh dhá ghné de stíl dhaonlathach cheannaireachta .**<br><br>• Téann sé i gcomhairle le baill foirne atá ag obair faoi/leis an bhfoireann sula ndéantar cinntí.<br>• Déanann sé údarás agus freagracht a tharmligean do na daoine atá ag obair faoi.<br>• Tá muinín aige go gcuirfidh na fostaithe a gcuid dualgas i gcrích.<br>• Áitíonn sé agus spreagann sé in ionad orduithe a thabhairt.<br>• Spreagann sé an Infhiontraíocht.<br>• Is próiseas dhá-bhealach í an chumarsáid. | **15m**<br><br>8m (4 + 4)<br>+<br>7m (4 + 3) |
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le fostaithe an-spreagtha a bheith agat .**<br><br>• Táirgiúlacht/Díolacháin Mhéadaithe – Oibríonn fostaithe níos déine agus eascraíonn táirgiúlacht mhéadaithe as sin.<br>• Dílseacht na foirne – fanann an fhoireann go fadtéarmach – ní athraíonn an fhoireann go minic.<br>• Meanma ard – Ionad oibre níos sona – atmaisféar dearfach – braistint ghnóthachtála.<br>• Níos lú díospóidí caidrimh thionsclaíoch – Níl an oiread baol ann go nglacfaidh an fhoireann gníomh tionsclaíoch.<br>• An fhoireann sásta dul faoi oiliúint – cuidíonn scileanna feabhsaithe le gnó. | **15m**<br><br>8m (4 + 4)<br>+<br>7m (4 + 3) |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide .**<br><br>• Cinntí Níos Fearr: Bíonn deis labhartha ag gach duine agus as sin tagann cuidiú/smaointe a chabhraíonn le cúrsaí cinnteoireachta.<br>• Aiseolas: Gheobhaidh tú aiseolas láithreach ar an bhfaisnéis atá tugtha.<br>• Soiléireacht: Tuiscint shoiléir. Is féidir saincheisteanna a shoiléiriú láithreach<br>• Dáimhiúlacht/Caidreamh dearfach: Go maith le haghaidh plé agus comhairliúcháin.<br>• Go maith le haghaidh meanma na foirne ionas go mbeidh siad in ann a bpointe a dhéanamh.<br>• Cloiseann siad tuairimí daoine eile maidir le cinntí a rinneadh.<br>• Luas na cinnteoireachta/Réiteach Fadhbanna: Láimhseáiltear saincheisteanna agus réitítear fadhbanna níos tapúla ag cruinnithe ná i gcomhfhreagras scríofa. Bíonn daoine os comhair a chéile ag cruinniú. | **15 m**<br><br>8m (4 + 4)<br>+<br>7m (4 + 3) |

<table>
<tr><td colspan="3">CEIST 5</td></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar thrí chineál árachais a mbeifeá ag súil leis go mbeidís ag gnólacht .<br><br>• Árachas Réadmhaoine, Foirgneamh & Inneachair – tugann sé cosaint i gcoinne costas damáiste a dhéantar de bharr dóiteáin/gadaíochta/tuilte san áitreabh<br>• Árachas Dliteanais Phoiblí – chun cumhdach a thabhairt i gcoinne éileamh a dhéanfadh aon duine den phobal a ghortófaí san áitreabh<br>• Árachas Dliteanais Fostóra – tugann sé cosaint in aghaidh éileamh a dhéanfadh fostaithe de bharr timpistí san ionad oibre<br>• Árachas um Earraí faoi Bhealach – chun cumhdach a thabhairt i gcoinne earraí a bhféadfaí damáiste a dhéanamh dóibh agus iad á n-iompar chuig custaiméir.<br>• Árachas um Fhuinneoga Plátghloine – chun an costas a bheadh ar ghloine fuinneoige a d’fhéadfaí a bhriseadh a chumhdach<br>• Árachas Gluaisteán – árachas reachtúil do gach mótarfheithicil<br>• Árachas Caillteanais Iarmhartaigh – clúdaíonn sé in aghaidh caillteanas brabúis de bharr dúnadh sealadach mar gheall ar thine/thuile<br>• Árachas Dliteanais i leith Táirgí – chun damáiste a chumhdach dá ngortófaí duine a mbeadh táirge de chuid na cuideachta a úsáid aige nó aici.<br>• Árachas Ráthaíochta Dílseachta – tugann sé cosaint in aghaidh gadaíochta a dhéanann fostaithe.</td><td>20 m<br><br>7m (4 + 3)<br>+<br>7m (4 + 3)<br>+<br>6m (4 + 2)</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Tabhair breac-chuntas ar dhá ghníomh a d’fhéadfadh Caoimhín a dhéanamh chun an phréimh árachais a ísliú .<br>• Ceamaraí/CCTV a shuiteáil<br>• Córas Slándála/Aláraim a shuiteáil<br>• Braiteoir/aláram deataigh a shuiteáil<br>• Ábhar dódhíonach a shuiteáil.<br>• Soláthraí árachais a athrú.</td><td>10m<br><br>2 x 5m</td></tr>
<tr><td>(C)</td><td>Déan liosta de dhá cháin, seachas mótarcháin, a d’fhéadfadh gnólacht a íoc.<br>• Cáin Bhreisluacha<br>• Cáin Chorparáide<br>• Rátaí Tráchtála, Rátaí Uisce<br>• Dleachtanna Custam<br>• Cáin Féinmheasúnaithe<br>• Dleachtanna Máil.</td><td>15m<br><br>8 + 7</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Mínigh an téarma rótharraingt bhainc .**<br><br>Foinse ghearrthéarmach maoinithe is ea rótharraingt bhainc. Is comhaontú é a ligeann do shealbhóirí cuntais níos mó airgid ná mar atá ina gcuntas acu a aistarraingt/chaitheamh. Ní mór rótharraingt a íoc ar ais/ghlanadh laistigh de bhliain amháin. Tá teorainn le rótharraingtí.  Gearrtar ús ar an méid rótharraingte. | **10m**<br><br>(5 + 5) |
| **(E)** | **Mínigh trí thoisc a chuirfeadh banc san áireamh sula dtabharfaí iasacht do ghnólacht .**<br><br>• Cumas chun an iasacht a íoc ar ais – Beidh banc ag iarraidh cuntais airgeadais gnólachta a fheiceáil ina dtabharfaidh le fios go mbeidh siad in ann an iasacht a íoc ar ais e.g. Réamhaisnéisí faoi shreabhadh airgid.<br>• Stair chreidmheasa – Ar íoc siad ar ais iasachtaí roimhe seo?  An bhfuil cuntas teiste maith ag an ngnólacht ó thaobh a gcuid iasachtaí a íoc ar ais?<br>• Aidhm na hiasachta – Beidh an banc ag iarraidh a fháil amach cé le haghaidh a úsáidfear an maoiniú.<br>• Slándáil – an bhfuil aon chomhthaobhacht ag an ngnólacht le tabhairt i gcoinne na hiasachta?<br>• Fad/Achar na hiasachta – Cén fhad a theastaíonn an iasacht?<br>• Plean gnó / Treo amach anseo – An fhaisnéis i bplean gnó / sna cuntais dheiridh.<br>• Brabúsacht – An ndearna an gnólacht brabús/caillteanas le roinnt blianta anuas? | **20m**<br><br>7m (4 + 3)<br>+<br>7m (4 + 3)<br>+<br>6m (4 + 2) |

| CEIST 6 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Mínigh an difríocht idir 'earcaíocht inmheánach' agus 'earcaíocht sheachtrach'.** | **20m** |
| | **Earcaíocht inmheánach**<br>Is éard atá i gceist leis an **earcaíocht inmheánach** duine atá ag obair leis an ngnólacht cheana féin a aimsiú. Leis sin tairgtear post do dhuine atá fostaithe leis an ngnólacht cheana féin. Is féidir ardú céime a thabhairt d'fhostaí nó iarraidh ar fhostaí bogadh chuig rannóg nó oifig eile. | 10<br>(4 + 3 + 3) |
| | **Earcaíocht sheachtrach**<br>Is éard atá i gceist leis an **earcaíocht sheachtrach** duine nach bhfuil ag obair leis an ngnólacht cheana féin a aimsiú. Leis sin tairgtear post sa ghnólacht do dhuine éigin taobh amuigh den ghnólacht. Is féidir le duine lasmuigh den ghnólacht peirspictíocht úr, smaointe úra nó saineolas den scoth a thabhairt leo. | 10<br>(4 + 3 + 3) |
| **(B)** | **Mínigh na téarmaí seo a leanas agus tagairt agat don fhógra tugtha:** | **20m** |
| | **(i) Sainchuntas poist (*Jabthuairisc*)**<br>Léirítear sa doiciméad sin mionsonraí an phoist / fholúntais atá le líonadh, lena n-áirítear teideal an phoist, sonraí na hoibre, dualgais agus freagrachtaí an phoist, coinníollacha na fostaíochta agus ionad oibre.<br>E.g. I measc na bhfreagrachtaí tá éisteacht leis na cliaint agus ansin feachtais mhargaíochta digití a chruthú chun táirgí agus seirbhísí an chliaint a chur chun cinn. | 10<br>(4 + 3 + 3) |
| | **(ii) Sonraíocht faoin bpearsa.** Déantar cur síos anseo ar na cáilíochtaí is ceart a bheith ag an té a cheapfar. Áireofaí anseo cáilíochtaí acadúla, taithí oibre roimhe seo agus saintréithe agus scileanna pearsanta ábhartha.<br>E.g. le dul ag obair don Ghníomhaireacht Margaíochta Digití Tech Tastic, theastódh taithí trí bliana ó dhuine sa mhargaíocht dhigiteach, agus scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth. | 10<br>(4 + 3 + 3) |
| **(C)** | **Mínigh an difríocht idir 'oiliúint ar an láthair oibre' agus 'oiliúint lasmuigh den láthair oibre'.** | **10m** |
| | **Oiliúint ar an láthair oibre:** Sa chás seo, foghlaimítear na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn don phost san ionad oibre féin trí bheith ag féachaint ar fhostaithe a bhfuil taithí acu ag cur a ndualgas i gcrích.<br>E.g. An bainisteoir ag taispeáint do fhoireann Tech Tastic conas bogearraí na cuideachta a úsáid / scáthfhoghlaim. | 5m (3+2) |
| | **Oiliúint lasmuigh den láthair oibre:** Sa chás seo, tarlaíonn an oiliúint taobh amuigh den ionad oibre, go hiondúil in éineacht le sain-oiliúnóirí. D'fhéadfadh léachtaí, taispeántais, nó cúrsaí ollscoile a bheith i gceist, agus iad ar fad in ionaid lasmuigh den ionad oibre.<br>E.g. Foireann Tech Tastic á gcur ar chúrsa oiliúna ag láthair sheachtrach. | 5m (3+2) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí chineál luach saothair i gcomhair fostaithe .**<br><br>• Tuarastal / bunphá – luach saothair airgid as ról/sraith dualgas a chur i gcrích. D'fhéadfadh bunráta nó tascráta a bheith i gceist.<br>• Ragobair – Is féidir luach saothair a thabhairt d'fhostaithe trí rogha a thabhairt dóibh uaireanta breise a oibriú os cionn a seachtain oibre socraithe ar phá breise.<br>• Coimisiún – tuilleann lucht díolacháin céatadán de luach díolacháin na dtáirgí.<br>• Sochar comhchineáil – foirm ioncaim neamhairgid.<br>• Ardú céime – post/ról/teideal níos airde.<br>• Scéim scairúinéireachta – bíonn an rogha ag fostaithe scaireanna a cheannach sa ghnólacht ar phraghsanna ar lascaine/ísle.<br>• Saibhriú poist – ciallaíonn sé seo obair a thabhairt d'fhostaithe lena mbaineann freagracht, smacht agus ionchur níos mó maidir lena gcinnteoireacht.<br>• Méadú poist – laghdaítear leadrán i measc fostaithe trí na cúraimí éagsúla a dtugann an fostaí faoi a mhéadú.<br>• Bónas – íocaíocht bhreise as spriocanna a bhaint amach e.g. Táirgiúlacht, coimeád ama. Íoctar bónas go minic le linn tréimhsí tábhachtacha, e.g. faoi Nollaig má tá an gnólacht ag déanamh brabúis.<br>• Pinsean – suim rialta airgid a fhaightear nuair a théann duine ar scor. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| **(E)** | **Déan liosta de dhá mhodh chun folúntais do phoist a fhógairt .**<br><br>• Suíomh gréasáin – ar shuíomh gréasáin na cuideachta<br>• Nuachtáin<br>• Irisí Trádála<br>• Gníomhaireacht earcaíochta; Suíomhanna gréasáin earcaíochta – www.jobs.ie<br>• LinkedIn<br>• Na Meáin Shóisialta - suíomhanna ar na Meáin Shóisialta, cosúil le Facebook<br>• Ó bhéal go béal<br>• Spriocearcú<br>• Fuinneog siopa. | **10m**<br><br>2 x 5m |

| CEIST 7 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Mínigh trí fhoinse de smaointe maidir le táirgí/seirbhísí nua i gcomhair gnólachta .**<br>• Taisteal – nuair a thugann tú cuairt ar áiteanna eile faigheann tú smaointe.<br>• Iomaitheoirí – féach cad atá an t-iomaitheoir a dhéanamh agus déan níos fearr é.<br>• Moltaí na foirne – bíonn smaointe nua ag d'fhoireann.<br>• An tIdirlíon – taighde ar an idirlíon chun smaointe nua a fháil.<br>• Ransú Smaointe – seisiún ransaithe smaointe i measc na foirne chun teacht ar smaoineamh.<br>• Na Meáin – faigh smaointe ó nuachtáin, ón teilifís, ón raidió etc.<br>• Aiseolas ó chustaiméirí – éist lena bhfuil ag teastáil ó chustaiméirí agus cruthaigh táirge a oirfidh dá riachtanais.<br>• Rannóg taighde agus forbartha – rannóg shonrach a bheidh freagrach as teacht ar smaointe.<br>• Ionadú iompórtála – déan táirge atá á iompórtáil faoi láthair. | **15m**<br><br>3 x 5m<br>(3 + 2) |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a ndéanfadh gnólacht taighde margaidh .**<br>• Chun tuilleadh a fháil amach faoi iomaitheoirí agus táirge níos fearr a chruthú ná iad / a bheith chun tosaigh ar a chuid iomaitheoirí<br>• Fáil amach cad a theastaíonn ó chustaiméirí / treochtaí a shainaithint agus táirge a dhéanamh a shásaíonn an riachtanas sin.<br>• Cúnamh a thabhairt a chinneadh cén praghas is oiriúnaí a ghearradh.<br>• Fáil amach cibé an bhfuil éileamh ar tháirge an ghnólachta. Cuidíonn sé sin chun an riosca teipthe a laghdú.<br>• An spriocmhargadh a chinneadh agus an táirge a dhíriú ar an ngrúpa sin agus cur amú airgid a d'fhéadfadh tarlú a laghdú.<br>• Buille faoi thuairim a thabhairt ar cad a bheidh ag teastáil ó chustaiméirí amach anseo nó faoi threochtaí amach anseo.<br>• Méid an mhargaidh agus deiseanna an mhargaidh a fháil amach.<br>• Fáil amach cén cineál fógraíochta is fearr a úsáid chun custaiméirí a mhealladh. | **15m**<br><br>8m (4 + 4)<br>+<br>7m (4 + 3) |
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fhoinse mheántréimhseacha airgeadais a d'fhéadfadh Tadhg a úsáid chun an jíp agus an leantóir bia a cheannach .**<br><br><u>Iasacht Mheántéarmach:</u> airgead a fháil ar iasacht ón mbanc agus é a íoc ar ais i dtráthchodanna rialta thar thréimhse suas le 5 bliana. D'íocfadh Tadhg an t-airgead a fuair sé ar iasacht ar ais mar aon le táillí úis.<br><br><u>Fruilcheannach:</u> sócmhainn a cheannach agus íoc aisti i dtráthchodanna. Nuair a bheadh an tráthchuid deiridh íoctha, ba é Tadhg úinéir dleathach na feithicle agus an leantóra bia. | **10m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2) |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **(i) Déan liosta de dhá shampla d'ainmneacha branda a bhfuil eolas maith orthu.**<br><br>Apple, Nike, Tayto, Costa.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnólacht as ainm branda.**<br><br>• Tá an táirge níos aitheanta.<br>• Tá an táirge níos feiceálaí agus é difriúil ó tháirgí iomaitheoirí.<br>• Bíonn sé níos éasca táirgí nua a thabhairt isteach.<br>• Aitheanta ar fud an domhain.<br>• Cruthaítear dílseacht do bhranda.<br>• Cuireann sé ar chumas an tsoláthraí praghas níos airde a ghearradh má bhíonn an branda rathúil agus eolas maith air, e.g. Nike.<br>• Cabhraíonn sé le margaíocht / is féidir é a úsáid chun fógraíocht a dhéanamh ar tháirge. | **20m**<br><br>2 x 4m<br><br>2 x 6m |
| **(E)** | **Déan cur síos ar dhá thionscnamh díolachán a d'fhéadfadh Bia Sráide Meicsiceach Thaidhg a thairiscint do thomhaltóirí chun díolacháin a mhéadú.**<br>• Laghdú praghsanna/lascainí – d'fhéadfadh Tadhg laghdú 20% a thairiscint ar laethanta a mbeadh cúrsaí trádála ciúin e.g. Dé Luain.<br>• Ceannaigh ceann amháin, faigh ceann amháin saor in aisce – d'fhéadfadh Tadhg taco/burrito in aisce a thairiscint ar gach taco/burrito a cheannaítear, nó trí cinn ar phraghas péire.<br>• Samplaí in aisce – d'fhéadfadh Tadhg samplaí beaga dá chuid táirgí a thairiscint chun deis a thabhairt do dhaoine a chuid bia a bhlaiseadh.<br>• Cúpón ar lascaine don chéad cheannachán eile – d'fhéadfadh Tadhg dearbháin a thairiscint a bhainfeadh €1 de phraghas an chéad táirge eile a cheannódh duine.<br>• Cártaí Dílseachta – d'fhéadfadh Tadhg béile/burrito in aisce a thairiscint ar gach cúig bhéile a cheannaítear.<br>• Comórtais – d'fhéadfadh Tadhg comórtais a reáchtáil ar na meáin shóisialta. D'fhéadfadh sé daoine a spreagadh chun a phostálacha a chomhroinnt ar Facebook trí bhéile in aisce do cheathrar a thairiscint don bhuaiteoir. | **15m**<br><br>8m (4 + 4)<br><br>+<br><br>7m (4 + 3) |

| CEIST 8 | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Mínigh an téarma 'trádálaí aonair' .**<br><br>Duine a ritheann a ghnólacht/gnólacht féin agus ar leis/léi an gnólacht sin.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann Dolly as a bheith ina trádálaí aonair .**<br><br>• Brabúis – Mar úinéir aonair, coinníonn an trádálaí aonair an brabús go léir tar éis cánacha a íoc.<br>• Cinntí – beidh sise in ann na cinntí a dhéanamh í féin agus is féidir cinntí a dhéanamh go tapa.<br>• Smacht – smacht iomlán ar an ngnó. Níl an smacht caolaithe/comhroinnte.<br>• Bunú – sách éasca ag Dolly tosú amach mar thrádálaí aonair.<br>• Cuntais – Is faoi rún a bhíonn cuntais agus taifid airgeadais trádálaí aonair agus ní gá iad a nochtadh d'aon duine ach amháin do na Coimisinéirí Ioncaim. | **15m**<br><br>5m (3 + 2)<br><br>2 x 5m |
| **(B)** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá ghné den bhaisctháirgeadh .**<br><br>• Déantar líon teoranta earraí den chineál céanna a mhonarú ag an am céanna.<br><br>• Cuirtear obair ar gach céim den táirgeadh i gcrích sula gcuirtear tús le baisc nua. Tar éis do ghrúpa amháin táirgí a bheith monaraithe, d'aistreodh an táirgeacht go dtí baisc dhifriúil nó grúpa difriúil.<br>e.g. i mbácús Dolly, baisc cácaí agus baisc borróg ina diaidh sin.<br><br>• Laghdaíonn táirgeacht baisce costais agus bíonn barainneachtaí scála níos fearr ag baint leis ná táirgeacht poist.<br><br>Is gnách le táirgí baisctháirgthe a bheith níos saoire do thomhaltóirí ná iad sin a tháirgtear i jabtháirgeacht.<br><br>**(ii) Déan liosta de dhá mhodh táirgthe eile a úsáidtear sa ghnó .**<br><br>Jabtháirgeacht<br>Olltáirgeadh | **20m**<br><br>2 x 5m<br>(3 + 2)<br><br>2 x 5m |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thoisc ba chóir do Dolly a chur san áireamh nuair a bhíonn praghas a cuid táirgí á socrú aici .**<br>• Costas táirgthe / taighde & forbairt – ní mór do Dolly costas déantúsaíochta gach míre a chur san áireamh sula socróidh sí praghas gach míre.<br>• An spriocmhargadh – ní mór do Dolly smaoineamh ar an ngrúpa daoine a bhfuil an táirge dírithe orthu e.g. d'fhéadfadh praghsanna difriúla a bheith ag Dolly ar na cácaí a dhíoltar ag na margaí i gcomparáid le cácaí ar leith do lánúnacha a bheidh ag pósadh.<br>• Iomaíocht – Ní mór do ghnólacht smaoineamh ar phraghsanna tháirgí a gcuid iomaitheoirí. Caithfidh Dolly socrú a dhéanamh an praghas céanna a ghearradh, praghas níos airde nó níos ísle ná a cuid iomaitheoirí.<br>• An cineál táirge – d'fhéadfadh pacáistiú speisialta a bheith ag teastáil, rud a d'fhéadfadh cur leis an gcostas. Theastódh dáta "faoinar cheart é a úsáid" ó tháirgí Dolly go léir.<br>• Dálaí geilleagracha / éileamh – gearrtar praghsanna níos airde i ngeilleagar a bhfuil borradh faoi. Féadfaidh Dolly socrú praghas níos airde a ghearradh ar a cuid táirgí má leanann an borradh faoin ngeilleagar.<br>• Pointe cothroime – an t-íosphraghas chun na costais a chumhdach. | **20m**<br><br>7m (4 + 3)<br>+<br>7m (4 + 3)<br>+<br>6m (4 + 2) |
| **(D)** | **Mínigh an téarma 'spriocmhargadh'.**<br>Is ionann an spriocmhargadh agus an grúpa daoine ar a bhfuil<br>táirge nó seirbhís áirithe dírithe. Is féidir spriocmhargadh a shainiú trí aois, leibhéal ioncaim, inscne, suíomh, stíl bheatha etc. (Daoine a bhfuil na riachtanais chéanna acu).<br>Is tuairisc bheacht é an spriocmhargadh ar na custaiméirí ar a ndíreofar táirge e.g. tá spriocmhargadh nua Dolly dírithe ar aontaí pósta. | **10m**<br><br>10<br>(5 + 5) |
| **(E)** | **Mínigh an téarma 'bealaí dáileacháin' .**<br>Tagraíonn Bealaí Dáileacháin don mhodh trína dtéann táirge ón táirgeoir/déantóir chuig an tomhaltóir. D'fhéadfadh sé dul trí mhórdíoltóir agus/nó trí mhiondíoltóir.<br>I measc na dtosca a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn bealach dáileacháin á chinneadh, bíonn an spriocmhargadh, íomhá an táirge, an cineál táirge, éascaíocht iompair, costas, tionchar ar shreabhadh airgid agus coinníollacha speisialta.<br>Is é seo a leanas an bealach dáileacháin a bheadh ag Dolly dá cuid cácaí:<br>DÉANTÓIR<br>⇩<br>TOMHALTÓIR | **10m**<br><br>10<br>(5 + 5) |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán